Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12806/26**
**ADD 1**

**DELACT 137**
**PECHE 327**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6205 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (Delphinus delphis) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6205 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 6205 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.9.2026
C(2026) 6205 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na bearta chun gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna (Delphinus delphis) agus céiticeach beag eile a laghdú i mBá na Bioscáine**

**IARSCRÍBHINN**

Leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn XIII mar a leanas:

(1) i bpointe 1.1(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh fholimistéar 8 CITM:

| 'Limistéar | Trealamh |
|---|---|
| Folimistéar 8 CITM | Tráil pheiligeacha mheánuisce (OTM, PTM, TM) agus tráil ghrinnill dhá bhád (PTB)(**) |
| (**) Beidh feidhm ag an mbeart seo go dtí an 31 Nollaig 2027.' | |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

**'4. Bearta speisialta i mBá na Bioscáine (Folimistéar 8 CITM)**

4.1 Iamh iascaireachta:

Toirmeascfar iascaireacht in uiscí na Fraince suas go dtí teorainn fhorimeallach limistéar eacnamaíoch eisiach na Fraince laistigh d'Fholimistéar 8 CTIM laistigh de thréimhse 30 lá as a chéile idir an 15 Eanáir agus an 27 Feabhra i gcás soithí os cionn 8 méadar a bhfuil tráil pheiligeacha (PTM, OTM), tráil ghrinnill dhá bhád (PTB), peaslíonta saighne (PS), eangacha geolbhaigh socraithe (ar ancaire) (GNS), traimlí (GTR) nó eangacha geolbhaigh agus traimlí comhcheangailte (GTN) á n-iompar ar bord acu. Tabharfaidh máistrí na soithí iascaireachta lena mbaineann fógra do na húdaráis inniúla tráth nach déanaí ná an 8 Eanáir 2027 maidir leis an 30 lá as a chéile ar lena linn a bheidh siad faoi réir na tréimhse coiscthe sin. In éagmais an fhógra sin, beidh na soithí iascaireachta lena mbaineann faoi réir na tréimhse coiscthe sin ón 22 Eanáir go dtí an 20 Feabhra 2027.

4.2 Bearta faireacháin:

4.2.1 Beidh feidhm ag na bearta a leagtar amach i bpointí 4.2.2 go 4.2.5 go dtí an 31 Nollaig 2027.

4.2.2 Déanfaidh máistrí na soitheach iascaireachta uile de chuid an Aontais taifead ar leithligh sa logleabhar iascaireachta ar ghabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna agus céiticeach beag eile (*), i gcomhréir le hAirteagal 14(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

4.2.3 Baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le gabhálacha deilfeanna coiteanna agus céiticeach beag eile trí bhreathnóirí ar bord nó trí chórais faireacháin

leictreonacha lena n-ionchorpraítear ceamaraí, tríd an méid seo a leanas a chumhdach:

– 1 % ar a laghad den iarracht iascaireachta iomlán arna tomhas de réir an lín laethanta ar muir le haghaidh tráil pheiligeacha (PTM), tráil ghrinnill dhá bhád (PTB), tráil otair mheánuisce (OTM), traimlí (GTR), eangacha geolbhaigh socraithe (ar ancaire) (GNS) agus peas-saighní (PS) a dhéanann iascaireacht ó cheann ceann na bliana;

– 5 % ar a laghad den iarracht iascaireachta iomlán arna tomhas de réir an lín laethanta ar muir le haghaidh tráil pheiligeacha dhá bhád (PTM), tráil ghrinnill dhá bhád (PTB) agus tráil otair mheánuisce (OTM) a dhéanfaidh iascaireacht ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2027; agus

– 7 % ar a laghad den iarracht iascaireachta iomlán arna tomhas de réir an lín laethanta ar muir i gcás traimlí (GTR) agus eangacha geolbhaigh socraithe (ar ancaire) ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2027.

4.2.4. Féadfaidh máistrí soithí de chuid an Aontais a soithí a fheistiú le córais faireacháin leictreonacha lena n-ionchorpraítear ceamaraí.

4.2.5 Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann athbhreithniú agus measúnú ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis uile is déanaí atá ar fáil maidir le gabhálacha de thaisme deilfeanna coiteanna in uiscí Bhá na Bioscáine i bhfolimistéar 8 CITM d'fhonn coigeartú féideartha a dhéanamh ar an iamh iascaireachta dá dtagraítear i bpointe 4.1.

(*) Speicis den fhine *Delphinidae* agus den fhine *Phocoenidae* atá le fáil (go buan nó go sealadach) i bhfolimistéar 8 CITM'.